



An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Cairt Chustaiméirí

© NCSE 2012

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 (EPSEN Act 2004) le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2005.

Bunaíodh an Chomhairle chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí oideachais do dhaoine a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu le béim faoi leith ar leanaí.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1–2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co. na Mí

National Council for Special Education

1–2 Mill Street
Trim
Co. Meath

T: 046 948 6400

F: 046 948 6404

www.ncse.ie

Cairt Chustaiméirí an NCSE

Clár

Cad é a dhéanaimid?	5
Ár gcustaiméirí.....	5
Tuilleadh fúinne	6
Forfheidhmiú Acht EPSEN, 2004	6
Ár seirbhísí áitiúla.....	6
Tuilleadh faisnéise faoinár seirbhísí áitiúla.....	7
Taighde atá á dhéanamh againn.....	8
Ár gcomhairle faoi bheartas	8
Rudaí nach féidir linn a dhéanamh	8
Próiseáil Sonraí agus Iarratas	9
I gcomhairle lenár gcustaiméirí.....	9
Táimid tiomanta seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí	9
Cuir glao orainn nó scríobh chugainn (litir nó ríomhphost) le haghaidh seirbhísí áitiúla	10
Cuir glao ar an gceanncheathrú	10
Comhfhreagras poist, facs nó ríomhphoist	10
Teagmhálacha pearsanta	11
Seirbhís trí mheán na Gaeilge	11
Soláthar faisnéise.....	11
Inrochtaineacht.....	12
Caighdeán seirbhíse	12
Cód cleachtais phroifisiúnta do lucht SENO	12
Nótaí tráchta agus gearáin	12
Comhar le scoileanna agus gníomhaireachtaí eile.....	13
Beartais agus nósanna imeachta um Chosaint Leanáí	13
Cabhrú linn cabhrú leat!.....	13
Cá bhfuil tuilleadh faisnéise ar fáil?	14
An tslí ar féidir leat dul i dteagmháil linn	14
Aguisín 1 Feidhmeanna Ginearálta an NCSE.....	15
Aguisín 2 Sonraí teagmhála Cheanncheathrú NCSE.....	16

Déantar cur síos sa Chairt Chustaiméirí seo ar an ról a ghlacann an Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus leagtar amach na caighdeáin seirbhíse a bheidh á gcur i bhfeidhm againn dár gcustaiméirí agus dóibh siúd a mbeimid i dteagmháil leo

Cad é a dhéanaimid?

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE):

- seirbhísí aitiúla agus náisiúnta a sholáthar, ar son an Stáit, lena n-áirítear faisnéis a thacaíonn le soláthar oideachais speisialta
- taighde a dhéanamh
- comhairle faoi bheartas a thabhairt don Aire Oideachais agus Eolaíochta
- tabhairt faoi fheidhmeanna eile faoi leith mar atá leagtha amach san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004.

Tá an NCSE tiomanta córas speisialta oideachais a sholáthar atá dírithe ar dhaoine, ar an teaghlach agus a fhreagraíonn do riachtanais gach duine.

Ár gcustaiméirí

Áirítear ar ár gcuid gcustaiméirí:

- leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, mar aon le tuismitheoirí agus caomhnóirí
- bainistíocht scoile, Príomhoidí, múinteoirí agus soláthróirí eile seirbhísí oideachais
- proifisiúnaigh sláinte agus soláthróirí eile seirbhísí sláinte
- eagraíochtaí deonacha a thacaíonn le daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- an tAire Oideachais agus Eolaíochta

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gníomhaireachtaí eile atá freagrach as seirbhísí gaolmhara
- an Chomhairle agus foireann NCSE.

Tuilleadh fúinne

Is comhlachas neamhspleách reachtúil é an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) a ghlacann le cúram agus a bhfuil údarás acu atá forordaithe leis an dlí.

Bunaíodh an NCSE faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 (Acht EPSÉN) an 1 Deireadh Fómhair 2005. Tugtar achoimre ar fheidhmeanna an NCSE in aguisín 1.

Áirítear ar an NCSE Comhairle agus coiste feidhmiúcháin. Cuimsíonn Comhairle an NCSE Cathaoirleach agus dháréag comhaltaí eile a bhfuil suim faoi leith acu san oideachas speisialta, nó a bhfuil eolas faoi leith acu faoi, agus a cheapann an tAire Oideachais agus Eolaíochta ar feadh tréimhse trí bliana.

Cuimsíonn an coiste feidhmiúcháin comhaltaí an NCSE agus Príomhfheidhmeannach, lucht bainistíochta ceanncheathrún, an fhoireann riaracháin agus Lucht SENO (Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais) atá lonnaithe go háitiúil ar fud an Stáit.

Forfheidhmiú Acht EPSÉN, 2004

Tá forálacha áirithe an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 (Acht EPSÉN) in éifeacht faoi láthair agus tá socruithe chun forálacha breise a fhorfheidhmiú faoi bhreithniú ag an Rialtas, atá ionchurtha faoi láthair mar gheall ar chúinsí geilleagrach.

Nuair a bheidh Acht EPSÉN curtha i ngníomh go hiomlán, glacfaimid níos mó dualgas agus oibleagáidí orainn féin maidir le, agus lena n-áirítear, measúnacht a dhéanamh ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, a gcuid socrúchán oideachais, pleananna oideachais aonair a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar an pleananna sin. Déanfaimid na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

Ár seirbhísí áitiúla

Is é an líonra d'Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO) a sholáthraíonn ár seirbhísí áitiúla. Tá rochtain ag gach scoil sa Stát ar dhuine speisialaithe de Lucht SENO. Tugann an SENO comhairle agus tacaíocht do scoileanna maidir le seirbhísí a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Ceadaíonn lucht SENO acmhainní breise do scoileanna – atá laistigh de threoirlínte beartas na Roinne Oideachais agus Scileanna – a thacaíonn leo freastal a dhéanamh ar riachtanais bhreise leanaí a mbíonn riachtanais speisialta oideachais acu.

Déanaimid ciorclán mionsonraithe a eisiúint faoi leithroinnt acmhainní ar scoileanna gach bliain. Sa chiorclán, leagtar amach na beartais agus na nósanna imeachta a bhaineann le hacmhainní breise a leithroinnt ar scoileanna i gcomhair na seirbhísí speisialta oideachais a sholáthraíonn siad dá mic léinn. Chomh maith leis sin, mínítear sa chiorclán na hamlínte, na foirmeacha agus na nósanna imeachta eile do scoileanna agus iad ag cur isteach ar acmhainní chun na seirbhísí seo a sholáthar. Is féidir leat cóip reatha dár gclár a fháil ag do scoil, nó ar ár láithreán gréasáin www.ncse.ie, nó ón SENO áitiúil.

Déanann scoileanna iarratais ar acmhainní breise tríd an SENO ainmnithe de chuid NCSE. Is é an cuspóir atá againn cinntí/moltaí a dhéanamh faoi iarratais a comhlánaíodh, agus freagra a sheoladh orthu chuig na scoileanna laistigh de 6-8 seachtaine. Má tá folúntas i bpost SENO, nó más ann do neamhláithreacht fhada, déanfaimid socruithe chun seirbhís a sholáthar sa cheantar sin ar shlí eile agus tabharfaimid fógra do na scoileanna ina dtaobh.

Tuilleadh faisnéise faoinár seirbhísí áitiúla

Téimid i ngleic leis na feidhmeanna seo a leanas chun acmhainní a leithroinnt:

- Tacaíochtaí do mhúinteoirí acmhainne
- Tacaíochtaí do chúntóirí riachtanas speisialta
- Teicneolaíocht oiriúnaitheach
- Iompar scoile
- Socrúchán.

Tacaíochtaí do mhúinteoirí acmhainne

- próiseáil iarratas, ó na scoileanna go léir, ar thacaíochtaí do mhúinteoirí acmhainne maidir le leanaí faoi mhíchumais íosmhinicíochta (.i. míchumais foghlama ghinearálta mheánacha, lagú amhairc nó éisteachta, míchumais fhisiceacha nó uathachas) agus cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal tacaíochta is cuí don scoil sin
- próiseáil iarratas ó scoileanna dara leibhéal¹ ar thacaíochtaí do mhúinteoirí acmhainne maidir le leanaí faoi mhíchumais uasmhinicíochta .i. míchumas foghlama ginearálta éadrom agus cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal tacaíochta is cuí don scoil sin.

¹ Téann bunscóileanna i ngleic le leithdháileadh acmhainní do dhaltaí bunscóile, a bhfuil riachtanais uasmhinicíochta acu, tríd an tsamhail ghinearálta leithdháilte

Tacaíochtaí do chúntóirí riachtanas speisialta

- próiseáil iarratas ó scoileanna agus cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal tacaíochta is cuí don chúntóir riachtanas speisialta do leanaí faoi mhíchumas.

Teicneolaíocht oiriúnaitheach

- iarratais ó gach scoil ar threalamh speisialta/ar theicneolaíocht oiriúnaitheach a mheas.

Iompar

- iarratais ó scoileanna ar shocruithe iompair do leanaí faoi mhíchumas a mheas agus moltaí a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Socrúchán

- cabhair a thabhairt an suíomh oideachais cuí a aithint do leanaí aonair a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Taighde atá á dhéanamh againn

Agus taighde á dhéanamh againn, téimid i gcomhairle le páirtithe leasmhara le gur féidir linn taighde tosaíochta agus cuí a aithint a bhaineann le riachtanais agus soláthar speisialta oideachais in Éirinn. Bainimid leas as modhanna oscailte, trédhearcacha coimisiúnaithe taighde, agus déanaimid torthaí taighde a scaipeadh agus a fhoilsiú.

Ár gcomhairle faoi bheartas

Is ar an Aire Oideachais agus Scileanna atá an fhreagracht an beartas oideachais speisialta a chinntiú lena mbeimid ag obair. Glacaimid ról orainn comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh beartas. Is ar thorthaí taighde, ar an taithí oibriúcháin atá againn agus ar thuairimí páirtithe leasmhara a bhunaítear an chomhairle sin. Tugtar san áireamh na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Stát agus forfheidhmiú praiticiúil na comhairle sin. Agus machnamh agus anailís iomlán déanta againn ar na ceisteanna, soláthraimid comhairle faoi bheartas.

Rudaí nach féidir linn a dhéanamh

Is é an misean atá againn seirbhísí cuí oideachais a sholáthar do gach duine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige. Ní féidir linn beart a dhéanamh lasmuigh de na beartais agus de na nósanna imeachta a fhorodaíonn an tAire. Maidir le cásanna

aonair, ní féidir linn beart a dhéanamh atá lasmuigh de na straitéisí, rialacha agus na beartais atá forordaithe againn le cinntiú go bhfaigheann gach duine freagra cothrom, cothromasach, éifeachtach agus éifeachtúil, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. Soláthróimid faisnéis ábhartha agus chruinn dár gcuid custaiméirí agus déanfaimid an fhaisnéis sin a fhoilsiú más féidir. Ní féidir linn gach iarratas aonair ar fhaisnéis a fhreagairt.

Próiseáil Sonraí agus Iarratas

Soláthróimid córas riaracháin ríomhairithe agus cinnteoidimid go mbeidh fáil ar shonraí faoi sholáthar oideachais speisialta agus go ndéanfar iarratais ar acmhainní a phróiseáil chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Déanfaimid sonraí a phróiseáil de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

I gcomhairle lenár gcustaiméirí

Tá Fóram Comhairliúcháin bunaithe againn, a sheasann dár bpáirtithe leasmhara agus a mbainimid úsáid as chun tuairimí a fháil ar cheisteanna móra. Leanfaimid de bheith ag baint úsáide as an bhfóram sin. Sa bhreis air sin, tiocfaimid le chéile le heagraíochtaí náisiúnta a dhéanann ionadaíocht do Thuismitheoirí, Scoileanna, comhlachtaí míchumais, agus do Ghníomhaireachtaí Stáit eile ar bhonn rialta chun a gcuid tuairimí a fháil agus chun faisnéis a sholáthar dóibh faoi na tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tríd an bhfoireann áitiúil, téimid i gcomhairle agus bímid ag plé leo siúd a bhaineann úsáid as ár seirbhísí. Cuirimid fáilte roimh aiseolas maidir leis na seirbhísí.

Táimid tiomanta seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí

Leagtar amach sa chairt seo an caighdeán seirbhíse ardchaighdeáin, a bhfuil sé mar aidhm againn a sholáthar duitse, dár gcustaiméir. Tá cóipeanna den chairt seo ag na comhaltaí foirne inár gcuid oifigí agus ar ár láithreán gréasáin.

Soláthróimid pointe amháin teagmhála ag an leibhéal áitiúil dóibh siúd a bhfuil seirbhísí speisialta oideachais uatha agus a dhéanann iad a sholáthar. Faigheann gach scoil tacaíocht ó SENO ainmnithe. Tá ainmneacha agus sonraí teagmhála díreacha gach SENO leagtha amach sa treoir teagmhála áitiúil atá againn, atá ar fáil ach é a iarraidh, agus atá ar ár láithreán gréasáin freisin www.ncse.ie.

Buailfidh gach SENO leis na tuismitheoirí, le foireann na scoile agus le proifisiúnaigh eile atá ag tacú le leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige. Míneodh gach SENO

an ról atá acu agus na beartais a mbíonn orthu a chur i ngníomh. Gheobhaidh an SENO taithí ar riachtanais an linbh sa staid scoile agus míneoidh siad bunús gach cinnidh.

Déanaimid iarracht seirbhís áitiúil, phearsanta agus thráthúil a sholáthar a mbeidh rochtain uirthi. Déanfaimid é seo ar shlí éifeachtúil agus éifeachtach. Cinnteoidimid go mbeidh meas againn ar chearta gach páirtí agus an tseirbhís á seachadadh.

Cuir glao orainn nó scríobh chugainn (litir nó ríomhphost) le haghaidh seirbhísí áitiúla

Déantar an tseirbhís áitiúil atá againn a sheachadadh sa phobal áitiúil.

Tá uimhir theileafóin ainmnithe ag gach SENO le saoráid glórphoist, mar aon le seoladh poist agus ríomhphoist trínar féidir leat dul i dteagmháil leis/léi go díreach. Toisc go gcaitheann Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais cuid mhór ama ag tabhairt cuairte ar scoileanna, ní bheidh siad ar fáil i gcónaí ar an bhfón. Beidh rochtain ag gach SENO ar an nglórphost ar bhonn laethúil. Cinnteoidimid go bhfaighidh custaiméirí freagra ar a gcuid teachtaireachtaí laistigh de thréimhse réasúnta.

Tabharfaimid ár n-ainm duit ar an bhfón, agus beimid cúirtéiseach agus cabhrach i gcónaí.

Cuir glao ar an gceanncheathrú

Déanfaimid glaonna a fhreagairt chomh tapa agus is féidir agus soláthróimid seirbhís glórphoist. Go ginearálta, is iad seo a leanas ár gcuid uaireanta oifige: Luan go hAoine, 09.15am – 12.45 pm agus 2.00pm – 5.30pm.

Má fhágann tú teachtaireacht glórphoist, déanfaimid iarracht a chinntiú go bhfreagróimid go luath tú.

Tabharfaimid ár n-ainm duit ar an bhfón, agus beimid cúirtéiseach agus cabhrach i gcónaí.

Mura bhfuilimid ábalta do cheist a fhreagairt go hiomlán, déanfaimid iarracht tú a chur i dteagmháil le duine ar féidir cabhrú leat. Mar rogha air sin, tabhair do chuid sonraí dúinn agus cuirfimid glao ar ais ort chomh luath agus is féidir.

Comhfhreagras poist, facs nó ríomhphoist

Soláthraimid faisnéis shoiléir faoin tslí ar féidir leat teagmháil a dhéanamh le comhalta foirne de chuid NCSE lena mbaineann, tríd an bpost, facs nó ríomhphost, nó ar an bhfón, chun cabhair a fháil.

Tugaimid freagra ar chomhfhreagras agus déanaimid tú a choimeád ar an eolas maidir le dul chun cinn. Déanaimid iarracht freagra deireanach a eisiúint ar bhonn tráthúil.

Beimid soiléir i gcónaí agus freagra iomlán á thabhairt againn ar do cheisteanna.

[Téigh i dteagmháil leis an NCSE.](#)

Teagmhálacha pearsanta

Déanaimid ár seirbhísí áitiúla a sheachadadh sa phobal. Déanfaimid socrú leat ag amanna a chomhaontófar in áiteanna oiriúnacha .i. scoileanna, ionaid oideachais, agus ionaid sláinte.

Soláthróimid an t-uasleibhéal príobháideachta agus is féidir.

Chomh maith leis sin, soláthróimid saoráidí, lena náirítear comhdháil ghutháin agus físe, le haghaidh cruinnithe san oifig ceanncheathrún. Cinnteoimid go bhfuil na saoráidí sin glan, go mbeidh rochtain orthu agus go ndéanfar iad a chothabháil ag caighdeán cuí éifeachtúlachta, compoird agus sábháilteachta.

Beimid cairdiúil, cabhrach agus cúirtéiseach agus muid i dteagmháil leat.

Seirbhís trí mheán na Gaeilge

Cinnteoimid go ndéanfar freastal ar dhaoine ar mhaith leo gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Freagróimid comhfhreagras Gaeilge trí Ghaeilge.

Labhróimid i nGaeilge ar an bhfón leo siúd ar mhaith leo Gaeilge a labhairt, ar an láthair más féidir, nó d'fhéadfadh comhalta foirne glao a chur ar ais orthu, a mbeidh sé ar a chumas a gceist a fhreagairt i nGaeilge.

Foilsímid ár Tuarascáil Bhliantúil, ár Ráiteas Straitéise agus Cairt Chustaiméirí i nGaeilge agus i mBéarla. Déanfaimid ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh.

Soláthar faisnéise

Is é an aidhm atá againn faisnéis shoiléir, chruinn agus ábharthach a sholáthar do gach custaiméir agus iad i dteagmháil go díreach leis an bhfoireann, inár gcuid foilseachán agus ar ár láithreán gréasáin.

Cloífimid leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Míneoimid na cinntí a dhéanfaimid duit.

Cinnteoimid go mbeidh fáil ar ár gcuid ábhar faisnéise don phobal, ar ábhar atá níos tábhachtaí é, i bhformáid leictreonach agus cló.

Inrochtaineacht

Táimid tiomanta seirbhís a sholáthar do chustaiméirí a sheasann le do cheart go ndéileáiltear go ciomhionann leat, arna bhunú le dlí.

Cuirimid comhionannas chun cinn i dtaca le rochtain ar ár seirbhísí, a fhreastalaíonn ar gach a gclúdaítear sna naoi forais a aithnítear i reachtaíocht comhionannais.

Cinnteoimid go mbeidh rochtain ag gach custaiméir ar ár seirbhísí agus ar ár saoráidí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Déanfaidh [Oifigeach Rochtana NCSE](#) cabhair bhreise a eagrú más gá do dhaoine faoi mhíchumas ar mhaith leo seirbhísí agus faisnéis NCSE a úsáid, lena n-áirítear ár seirbhísí áitiúla. Tá sonraí teagmhála an Oifigh Rochtana ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus in Aguisín 3 na cairte seo.

Cabhróidh an SENO le daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu mar gheall go bhfuil siad faoi mhíchumas agus nach féidir leo rochtain a fháil ar fhaisnéis ná ar na seirbhísí oideachais cuí ina gcuid ceantar.

Caighdeán seirbhíse

Táimid tiomanta an tseirbhís is fearr a sholáthar do chustaiméirí. Cuirimid fáilte romhat cabhair a thabhairt dúinn leis an tseirbhís seo a chur ar fáil trí theachtaireachtaí a fhágáil, trí mholtaí nó trí ghearáin a dhéanamh faoin tseirbhís nó faoin tslí a ndéantar é a sheachadadh.

Cód cleachtais phroifisiúnta do lucht SENO

Tá cód cleachtais phroifisiúnta comhaontaithe againn do gach SENO. Tá sé sin foilsithe ar ár láithreán gréasáin.

Nótaí tráchta agus gearáin

Cuirimid fáilte roimh do chuid nótaí tráchta agus moltaí sa Chairt seo faoin tslí ar féidir linn ár tseirbhís a fheabhsú sa todhchaí. Tá nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm againn le déileáil le nótaí tráchta agus gearáin: gearáin a dhéanann custaiméirí.

Mholfaimis do chustaiméirí aon cheist nó gearán a bheadh acu a ardú le comhalta foirne de chuid NCSE lena mbainfeadh, nó go díreach lena m(h)aoirseoir. Tá súil againn go ndéileálfar le formhór ceisteanna ar shlí éifeachtúil agus shásúil. Nuair nach féidir linn ceisteanna a réiteach, baintear úsáid as nós imeachta foirmiúil chun gearán a dhéanamh. Foilsítear na sonraí go léir maidir leis ár nós imeachta chun nótaí tráchta agus gearáin a dhéanamh ar ár láithreán gréasáin (http://www.ncse.ie/uploads/1/NCSE_Comment_and_Complaint_Procedure.pdf) agus tá siad ar fáil ag gach oifig de chuid NSCE chomh maith.

Comhar le scoileanna agus gníomhaireachtaí eile

Aithníonn an NCSE agus na comhaltaí foirne go bhfuil comhar le scoileanna agus le gníomhaireachtaí eile riachtanach chun seirbhísí speisialta oideachais a sholáthar. Tá ról lárnach againn an comhar seo a fhorbairt. Tá prótacail forbartha againn maidir le comhar le lucht bainistíochta scoileanna agus gníomhaireachtaí eile. Is féidir cóipeanna de na prótacail sin a fheiceáil ar ár láithreán gréasáin www.ncse.ie.

Beartais agus nósanna imeachta um Chosaint Leanaí

Tá nósanna imeachta forbartha againn, de réir na dTreoirínte Children First, do chomhaltaí foirne a mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar cheisteanna i dtaca le cosaint leanaí. Tá [treoirínte](http://www.ncse.ie) na foirne foilsithe ar ár láithreán gréasáin.

Treoirínte an NSCE um Chosaint Leanaí

Cabhrú linn cabhrú leat!

Is féidir leat cabhrú linn seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar ar an tslí seo a leanas:

- luaigh an uimhir tagartha ábharthach i ngach comhfhreagras
- tabhair an fhaisnéis iomlán ábharthach don scoil nó don SENO go tráthúil de réir mar a cheanglaíonn siad
- téigh i dteagmháil go díreach leis an scoil áitiúil nuair is féidir le lucht na scoile dul i ngleic le do cheist
- má tá rochtain idirlín agat, déan ár láithreán gréasáin www.ncse.ie a sheiceáil i gcomhair faisnéise atá uait
- cuir ríomphost nó litir go díreach chuig ár gcomhaltaí foirne leis an seoladh ríomhphost díreach agus na sonraí teagmhála a sholáthraimid ar ár láithreán gréasáin agus sa chairt seo

- cuir glao díreach ar ár gcomhaltaí foirne ar an uimhir teileafóin phearsanta ainmnithe ar an láithreán gréasáin agus sa chairt seo
- muna bhfuil na teileafóin saor, nó muna bhfreagraítear iad, bain úsáid as an tseirbhís glórphoist le do thoil agus luaigh d’ainm agus d’uimhir ionas gur féidir linn glao a chur ar ais ort
- déan coinne leis na comhaltaí foirne áitiúla más maith leat
- má theastaíonn uait gearán a dhéanamh, féach ar threoirlínte agus nósanna imeachta, ag fáil ag www.ncse.ie luaigh go baileach an gearán atá agat. Déan idirdhealú idir gearáin faoi bheartais agus gearáin faoi iompar na foirne
- bí cúirtéiseach agus tú ag déileáil leis na comhaltaí foirne, mar a theastaíonn uaitse uathu
- déan nótaí tráchta nó moltaí faoin tseirbhís a fhaigeann tú.

Cá bhfuil tuilleadh faisnéise ar fáil?

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoinár seirbhísí ar ár láithreán gréasáin www.ncse.ie nó téigh i dteagmháil linn go díreach.

An tslí ar féidir leat dul i dteagmháil linn

Coimeádtar ár sonraí teagmhála cothrom le dáta agus beidh siad ar fáil ar an láithreán gréasáin atá againn. Tá liosta ([sonraí teagmhála Lucht SENO](#)) ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus ó na comhaltaí foirne sna hoifigí. Tá fáil ar ár sonraí teagmhála reatha in aguisín 2.

Aguisín 1 Feidhmeanna Ginearálta an NCSE

Is achoimre é seo a leanas ar fheidhmeanna ginearálta na Comhairle, mar a leagtar amach in Alt 20 Acht EPSEN iad:

- soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta a phleanáil agus a chomhordú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- faisnéis a scaipeadh faoi dhea-chleachtas maidir le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- faisnéis a sholáthar do thuismitheoirí maidir le teidlíochtaí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- acmhainní a athbhreithniú agus a mheas a theastaíonn ó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- cinnteofar go ndéanfar dul chun cinn mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mheas agus go ndéanfar athbhreithniú air
- athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar oideachais do dhaoine fásta faoi mhíchumas
- comhairle a thabhairt d'institiúidí oideachais faoi dhea-chleachtas.
- seisiúin comhairliúcháin le comhlachtaí deonacha
- comhairle a thabhairt don Aire Oideachais agus Eolaíochta faoi chúrsaí a bhaineann le hoideachas speisialta
- taighde a dhéanamh agus torthaí an taighde sin a fhoilsiú.

Sa bhreis air sin, tá feidhmeanna áirithe ag an gComhairle maidir le príomhfhórlacha an Achta .i. measúnacht a dhéanamh ar riachtanais speisialta oideachais agus ar phleananna aonair oideachais do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Agus na feidhmeanna á gcomhlíonadh ag an gComhairle faoin Acht seo, bíonn ar an gComhairle dul i gcomhairle go díreach le páirtithe leasmhara nuair is gá agus Fóram Comhairliúcháin foirmiúil a bhunú chun ionadaíocht a dhéanamh do na páirtithe leasmhara go léir.

Aguisín 2 Sonraí teagmhála Cheanncheathrú NCSE

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn

Baile Átha Troim

Contae na Mí

Facs: 046 9486404

Teil: 046 948 + Folíne (mar atá thíos)

Príomhfheidhmeanna Folíne Ríomhphost
Cuir glao ar 046 948
+ pé folíne is gá thíos

Seirbhísí aitiúla NCSE 6442 / 6432 / 6431 ops@ncse.ie

Inrochtaineacht 6410 accessofficer@ncse.ie

Cóiríocht & Seirbhísí
(lena n-áirítear ceannach) 6411 / 6412 accommodationandservices@ncse.ie

Airgeadas 6443 / 6413 finance@ncse.ie

Saoráil Faisnéise 6412 foi@ncse.ie

Acmhainní Daonna 6410 hr@ncse.ie

Teicneolaíocht Faisnéise 6446 it@ncse.ie

Beartas 6400 policy@ncse.ie

Preas 6460 press@ncse.ie

Taighde 6453 / 6465 NCSEResearch@ncse.ie

Stiúrthóir Gréasáin 6446 webmaster@ncse.ie

Ginearálta 6400 Roghnaigh, le do thoil, ceann ón liosta
thuas

